Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Feabhra 2019
(OR. en)

5960/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0390(COD)**

**VISA 20**
**PREP-BXT 38**
**COMIX 56**
**CODEC 265**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5430/19 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas<br>- Sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa |

Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 1 Feabhra 2019, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú faoin sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

Léirítear athruithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún le ***cló trom/cló iodálach*** do théacs breise agus léirítear téacs a scriosadh le […].

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

2018/0390 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear** [...] **Rialachán (** [...] ***AE*****)** [...] ***2018/1806*** **ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Chomhairle Eorpach go raibh rún aici tarraingt siar ón Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Dá bharr sin, beidh an Ríocht Aontaithe ina tríú tír agus scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir léi ón 30 Márta 2019 amach, ach amháin i gcás ina shocrófar dáta eile i gcomhaontú um tharraingt siar, nó ina ndéanfaidh an Chomhairle Eorpach dáta eile a shocrú d'aon toil, le comhaontú ón Ríocht Aontaithe.

(2) Faoi Airteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] tá an ceart ag saoránaigh an Aontais gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena n-áirítear an ceart dul isteach sna Ballstáit gan víosa nó foirmiúlachtaí den sórt sin.

[1] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoir 64/221/CEE, Treoir 68/360/CEE, 72/194/CEE, Treoir 73/148/CEE, Treoir 75/34/CEE, Treoir 75/35/CEE, Treoir 90/364/CEE, Treoir 90/365/CEE agus Treoir 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch 77).

(3) De dheasca tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, scoirfidh an Conradh agus Treoir 2004/38/CE d'fheidhm a bheith acu maidir le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe ar saoránaigh Bhriotanacha iad agus, dá bharr sin, scoirfear dá gceart dul isteach sna Ballstáit gan víosa. Ní mór, mar sin, an Ríocht Aontaithe a áireamh i gceann amháin de na hiarscríbhinní a ghabhann le […] [2] ***Rialachán (AE) 2018/1806***[3]. In Iarscríbhinn I, liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus, in Iarscríbhinn II, liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin.

***(3a) Ní cuid den Ríocht Aontaithe é Giobráltar. De bhua Airteagal 355(3) CFAE amháin a bhí dlí an Aontais infheidhme maidir le Giobráltar a mhéid a fhoráiltear in Ionstraim Aontachais 1972. Nuair a chuirfear an Ríocht Aontaithe le Cuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806, ní chumhdófar ansin daoine is saoránaigh de Chríocha Briotanacha thar lear a fuair a saoránacht de thairbhe nasc a bheith acu le Giobráltar. Dá bhrí sin, ba cheart Giobráltar a liostáil i dteannta Críocha Briotanacha eile thar lear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806.***

(4) Na critéir ba cheart a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh, cás ar chás, cé na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais víosa nó díolmhaithe ón gceanglas sin, leagtar síos iad in […] [4] ***Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2018/1806***. Áirítear orthu sin inimirce neamhdhleathach, beartas poiblí agus slándáil, tairbhe eacnamaíoch, go háirithe i dtéarmaí turasóireachta agus trádáil choigríche, agus chaidreamh seachtrach an Aontais leis na tríú tíortha ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le comhleanúnachas agus cómhalartacht réigiúnach.

(5) Ag cur san áireamh na gcritéar uile a liostaítear in […][5] ***Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2018/1806***, is iomchuí náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe ar saoránaigh Bhriotanacha iad a dhíolmhú ón gceanglas víosa agus iad ag taisteal chuig críoch na mBallstát. I ngeall ar an ngaireacht gheografach, an nasc idir na geilleagair, an leibhéal trádála agus méid na ngluaiseachtaí gearrthéarmacha a dhéanann daoine idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas chun críocha gnó nó áineasa nó chun críocha eile, ba cheart go n-éascófaí, le taisteal gan víosa, an turasóireacht agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

---

[2] […]

***[3] Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 303, 28.11.2018, lch 39).***

[4] […]

[5] […]

(6) [...] I gcás ina gcuirfidh an Ríocht Aontaithe ceanglas víosa i bhfeidhm do náisiúnaigh i mBallstát amháin ar a laghad, ba cheart feidhm a bheith ag an sásra cómhalartachta dá bhforáiltear in [...] [6] ***Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1806***. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún gníomhú gan mhoill chun an sásra a chur i bhfeidhm.

(7) Maidir le saoránaigh Bhriotanacha, ba cheart mar sin an Ríocht Aontaithe a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le [...] [7] ***Rialachán (AE) 2018/1806***.

(8) Maidir leis an Íoslainn agus le Ríocht na hIorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[8], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe (B) d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[9].

(9) Maidir le Cónaidhm na hEilvéise, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[10], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe (B) agus pointe (C) d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[11].

---

6 […]

7 […]

8 IO L 176, 10.7.1999, lch 36.

9 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch 31).

10 IO L 53, 27.2.2008, lch 52.

11 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch 1).

(10) Maidir le Prionsacht Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[12], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe (B) agus pointe (C) d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[13].

(11) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle[14]; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach ina ghlacadh.

(12) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[15]. dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(13) Is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.

(14) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an 30 Márta 2019, an lá a tharraingeoidh an Ríocht Aontaithe siar ón Aontas.

---

12 IO L 160, 18.6.2011, lch 21.

13 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch 19).

14 Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch 43).

15 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch 20).

(15) ***I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán 1182/71 (CEE, Euratom), tiocfaidh deireadh le feidhm gníomhartha atá socraithe ar dháta ar leith ar dhul in éag uair dheireanach an lae ar an dáta sin. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo, dá réir sin, ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe.*** [...]

(16) Dá réir sin, ba cheart [...] [16] ***Rialachán (AE) 2018/1806*** a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear [...][17] ***Rialachán (AE) 2018/1806*** mar a leanas:

1. In [...] [18] ***Airteagal 6(2)***, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

   "(d) gan dochar do na ceanglais a eascraíonn as an gComhaontú Eorpach maidir le Deireadh a chur le Víosaí do Dhídeanaithe a síníodh in Strasbourg an 20 Aibreán 1959, lena n-aithnítear dídeanaithe agus daoine gan stát agus daoine eile nach bhfuil náisiúntacht aon tíre acu agus a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil doiciméad taistil acu a d'eisigh Éire, a aithneoidh an Ballstát lena mbaineann.";

2. i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas isteach:

   "An Ríocht Aontaithe (cé is moite de na náisiúnaigh Bhriotanacha dá dtagraítear i gCuid 3)";

3. cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chuid 3 d'Iarscríbhinn II:

   "NÁISIÚNAIGH BHRIOTANACHA NACH SAORÁNAIGH BHRIOTANACHA IAD" [...] ***;***

***4. i gCuid 3 d'Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas isteach tar éis na bhfocal "Daoine is saoránaigh de Chríocha Briotanacha thar lear (BOTC)":***

   ***"Áirítear sna críocha sin Angaíle, Beirmiúda, Críoch Aigéan Indiach na Breataine, Críoch Antartach na Breataine, Giobráltar[*], Montsarat, Oileáin Bhriotanacha na Maighdean, Oileáin Cayman, Oileáin Fháclainne, Oileáin Pitcairn, Oileáin na dTurcach agus Caicos, San Héilin agus a Spleáchríocha agus an tSeoirsia Theas agus Oileáin Sandwich Theas".***

---

16 […]

17 […]

18 […]

* ***Is coilíneacht de chuid Choróin na Breataine é Giobráltar. Tá conspóid ann idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe maidir le ceannasacht ar Ghiobráltar, críoch ar gá teacht ar réiteach ina leith i bhfianaise rúin agus cinntí ábhartha ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.***

*Airteagal 2*

I gcás ina gcuirfidh an Ríocht Aontaithe ceanglas víosa i bhfeidhm do náisiúnaigh i mBallstát amháin ar a laghad, beidh feidhm ag an sásra cómhalartachta dá bhforáiltear in [...] [19] ***Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1806***. Gníomhóidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún gan mhoill chun an sásra a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 3*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an 30 Márta 2019.

   Beidh feidhm aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh [...] ***na Conarthaí*** [...] d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe.

2. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

---

19 […]